

☘ An Lúibín ☘

31 Márta 2025

Gaeilge na hArdteistiméireachta

Irish as a school subject is plagued with problems. Solutions are continually debated – reformation of the syllabus, new ways of teaching, making Irish optional. And students who have ‘passed’ the final exam continue to leave school with little competence in the language.

Seo Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge Julian de Spáinn (ó phíosa cainte a foilsíodh le déanaí ar *Tuairisc*):¹

Aithnítear níos mó agus níos mó nach bhfuil aon cheangal idir marc maith a fháil i scrúdú Gaeilge na hArdteiste agus cumas a léiriú sa teanga. Má fhaigheann daltaí toradh maith san Ardteist, níl tuairim dá laghad ag aon duine sa phobal cén caighdeán Gaeilge atá acu, go háirithe nuair a fheiceann tú gurb í an Ghaeilge ceann de na hábhair is éasca dá bhfuil ann le marc ard a bhaint amach inti.

In Éirinn tá an rialtas ag smaoineamh (arís) ar shiollabas Gaeilge na hArdteiste a athchóiriú sna scoileanna. Is dóigh le de Spáinn go gcaithfear an Ghaeilge mar ábhar a nascadh leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha chun cumas na ndaltaí a mheas.

Seo arís scéal áirithe agus é á chíoradh agus á scagadh i gcónaí, in Éirinn ar aon nós: an Ghaeilge mar ábhar scoile. Deir daoine áirithe gur cóir an t-éigeantas a mhaolú (nó fáil réidh leis ar fad); deir daoine eile go gcaithfear é a choinneáil mar ní bheidh eolas ar bith ag daltaí ar theanga stairiúil a dtíre mura ndéanfaidh siad staidéar uirthi ar scoil.

Chaitheamar súil siar ar phíosa a scríobh Donncha Ó hÉallaithe, déimeagrafaí aitheanta Gaeilge, do *Tuairisc* tamall de bhlianta ó shin.² Athmhúinteoir matamaitice mo dhuine, agus déarfá go bhfuil dearcadh réadúil aige ar an nGaeilge mar ábhar scoile. Deir sé gur deacair le formhór na ndaltaí an Mhata, ach go gcaithfidh tú í a dhéanamh má tá post uait nó má tá tú ag iarraidh sn tríú leibhéal a bhaint amach sa chuid is mó de na cúrsaí léinn. Bíonn daoine ag iarraidh an Ghaeilge a sheachaint toisc go bhfuil sí ar na hábhair is deacra agus go measann siad nach dteastóidh sí uathu feasta.

Le nach mbeidh daltaí ag éalú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge caithfear, im thuairimse, cúis ábhartha a thabhairt dóibh le Gaeilge a roghnú seachas brú a chur orthu trí ábhar éigeantach a dhéanamh di. Tá an chuma ar an scéal gur in aghaidh a dtola a dhéanann formhór na ndaltaí an cúrsa Gaeilge don Ardteist.

Tá an Ghaeilge á déanamh níos éasca agus níos éasca; tá breis marcanna ag dul don scrúdú cainte san Ardteist, ach tá an scrúdú cainte ag brath ar shraith pictiúr, agus cuireann na daltaí míreanna cainte de ghlanmheabhair dá réir. Fágann sin, a deir Ó hÉallaithe, nach mbeadh níos mó ná 10% de na daltaí in ann comhrá simplí a dhéanamh. Is dóigh leis gurbh fhearr líofacht a thabhairt do na daltaí a bhfuil fonn orthu Gaeilge a fhoghlaim in áit Gaeilge a bhrú orthu siúd a bhfuil doicheall orthu roimpi. Chomh maith leis sin, ba cheart ‘cúiteamh’ a thabhairt don té a roghnaíonn an Ghaeilge ach an ‘cúiteamh’ céanna a bheith le fáil ag an mBéarla: an t-aitheantais céanna i ngach cás.

¹ <https://tuairisc.ie/an-taire-oideachais-ag-suil-go-mbeidh-siollabais-t1-agus-t2-do-ghaeilge-na-hardteiste-reidh-le-tabhairt-isteach-in-2028/>

² <https://tuairisc.ie/ta-se-in-am-abhar-roghnach-a-dheanamh-den-ghaeilge-don-ardteist/> Márta 2 2021)

Agus seo chugainn Eimear Nic Dhonnchadha, dalta meánscoile as Conamara ar foilsíodh alt an-suimiúil léi ar *Tuairisc*.³ Rinne sí suirbhé mar thionscamh scoile agus ceisteanna á gcur aici ar dhaltaí Gaeltachta eile agus ar mhúinteoirí.

Roghnaigh mé staidéar a dhéanamh ar churaclam na Gaeilge i gcóras iar-bhunscoile Phoblacht na hÉireann, go háirithe don Ardteist, agus d'fhiosraigh mé an bhfuil sé ag freastal ar riachtanais scoláirí Gaeltachta. Rinne mé staidéar ar an gcaoi a múintear an teanga, an meon atá ag gasúir ina leith, agus na hathruithe ar mhaith leo a fheiceáil. Roghnaigh mé an cheist seo a chíoradh mar gur rugadh agus gur tógadh mé i nGaeltacht Chonamara agus tá sé bliana caite agam ag foghlaim Gaeilge ag an dara leibhéal.

Shíl 50% de na daltaí nach bhfuil an cúrsa Gaeilge suas chun dáta. Níor shíl ach 52% go raibh an córas ag saibhriú a gcuid Gaeilge. B'fhearr le 89.6% go mbeadh 25 pointe sa bhreis ar fáil as ucht Gaeilge ardleibhéil a dhéanamh (amhail Mata). Níor shíl ach 45.6% go bhfuil cúrsa Gaeilge na hArdteiste oiriúnach do dhaltaí Gaeltachta, agus níor shíl ach 50.4% go múintear an Ghaeilge go sásúil i scoileanna na tíre.

Is díol spéise é nach gceapann 83% de mhúinteoirí go bhfuil daltaí ag baint tairbhe as an gcúrsa Gaeilge. Shíl na múineoirí go léir nach bhfuil an curaclam suas chun dáta, agus shíl 83% nach bhfuil an cúrsa chomh deacair céanna leis an gcúrsa Béarla. Níor shíl ach 17% gur chuir an cúrsa feabhas ar Ghaeilge na ndaltaí, agus shíl 66% nach bhfuil an Ghaeilge á múineadh ar chaighdeán sásúil.

In 2022 d'admhaigh Príomhchigire na Roinne Oideachais gur dhrochscéal é a laghad sin líofachta a bheith ag daltaí a bhí ag foghlaim Gaeilge i mbunscoileanna Béarla. Tá 'Plean Gnímh don Ghaeilge' le foilsiú ar son scoileanna Béarla faoi dheireadh 2025; deirtear gur gá an teanga a mhúineadh ar bhealach spreagúil agus tairbhe a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach sa rang – rudaí ba chóir a dhéanamh cheana ach nach ndearnadh. Ba chóir, ar ndóigh, an Ghaeilge a mhúineadh trí Ghaeilge, ach is léir gurb annamh atá múinteoirí (sna bunscoileanna go háirithe) líofa a ndóthain chun é sin a dhéanamh. Tar éis an tsaoil, beidh neart daltaí ann i gcónaí nach mian leo Gaeilge a fhoghlaim: tá an tobar ann ach ní ólfaidh siad. Is dócha, mar sin, go bhfuil bunús le tuairim Uí Éallaithe, ach is fada go mbeidh sé de dhánacht i bpolaiteoir ar bith a mholadh go ndéanfaí ábhar roghnach den Ghaeilge sna meánscoileanna.



Tá **podchraoltaí Gaeilge** ag éirí níos coitianta, agus san fhíseán thíos gheofar moltaí i dtaobh cúig cinn déag acu ar fiú éisteacht leo.

<https://www.youtube.com/watch?v=2gk40luBRQ0>



Na Garafunaigh agus a n-oileán

The Garafuna are a Central American people of mixed descent who retained their identity and language despite a troubled history. The island of Baliceaux, where many of their people died under British rule, has now been returned to them.

Is iomaí mionphobal atá le fáil ar fud an domhain seo agus gan iomrá lena bhformhór. A ndúchas féin acu, a dteanga féin, a stair féin (stair an choilíneachais, go minic). Orthu sin tá na Garafúnaigh.

As na hIndiacha Thiar a fáisceadh na Garafúnaigh agus iad de shliocht Afracach agus dúchasach (Kalinago agus Arawak). Pobal ar leith iad agus tuairim is 600,000 acu ann in áiteanna éagsúla.

San 18ú haois chuir siad i gcoinne na mBriotanach ar oileán Naomh Uinseann. In 1795 d'éirigh siad amach faoi cheannas an taoisigh Satuye (Joseph Chatoyer). Maraíodh é siúd, agus in 1796 dhíbir fórsaí na Breataine timpeall 5,000 bean, páiste agus fear, á bhfágáil ar Baliceaux, oileán beag gan áitriú. Ba bheag bia ná deoch a bhí acu, iad gan

³ <https://tuairisc.ie/daltai-gaeltachta-muid-agus-ta-failli-a-dheanamh-orainn-seo-an-cruthunas/> (Márta 26 2025)

dídean, agus beagnach a leath marbh de ghorta agus de ghalracha faoin am ar fhill na longa an bhliain dar gcionn chun iad a thabhairt 1,700 míle slí go hoileán Roatán amach ó chósta Hondúras. Tá a sliocht le fáil anois in Hondúras, an Bheilís, Guatamala, Nicearagua agus na Stáit.

Riamh ó shin tá meas ag na ar Baliceaux mar ionad ar leith, agus is fada atá a ngníomhaithe ag iarraidh go gceannófaí an t-oileán óna úinéirí chun áit oidhreachta a dhéanamh di. Rinne rialtas Naomh Uinseann agus na nGreanáidíní gar dóibh nuair a cheannaigh sé Baliceaux i mbliana. Níl san oileán ach reilig i ndáiríre, ach fágadh na huaigheanna mar a bhí siad, agus dá bhrí sin ní dócha go ndéanfar an t-oileán a fhorbairt. Gach bliain, i mí Mhárta, déanann Garúnaigh oilithreacht go Baliceaux.



Baliceaux
Wikimedia Commons

Tar éis an tsaoil, níor chaill na Garafúnaigh a dteanga, mórchomhartha féiniúlachta. Tá Garafúnais ar na teangacha úd a dhéanann táthú gramadúil: féach Fionlainnis, Ungáiris agus Tuircis mar shamplaí eile. Déantar focail as moirféimí (míreanna) a nascadh le chéile a bhfuil brí amháin ag gach ceann acu. Ceanglaítear táthmhíreanna (réimíreanna, iarmhíreanna, etc.) de fhréamhfhocail de réir oird agus eagair chun focail nua chasta a chumadh.

Baineann Garafúnais leis an bhfine theageolaíoch Aruacach, ach labhraítear í taobh amuigh de réimse na hAruacaise, agus tá méid mór focal inti a tháinig ó theangacha Chairibeacha agus Eorpacha, rud atá ag roinnt le stair shuaite. Tá roinnt focal dá gcuid féin ag mná agus ag fir faoi seach. Is minic a thagann téarmaí na bhfear ón gCairibis agus téarmaí na mban ón Aruacais. Ó uimhir a trí anuas, tá na huibhreacha bunaithe ar chóras fichiúlach na Fraincise, rud a bhaineann le stair an choilíneachais sa réigiún.

Mar léiriú ar an ngramadach, féach 'ibágari' ('beatha') agus an chaoi a n-úsáidtear na haidiachtaí sealbhacha (mo, do, etc.): *n-ibágari* (mo bheatha), *b-ibágari* (do bheatha), *t-ibágari* (a beatha), *l-ibágari* (a bheatha), *wa-bágari* (ár mbeatha), *h-ibágari* (bhur mbeatha), *ha-bágari* (a mbeatha).



An cogadh atá ag marú mionphobal

The Russian Federation is vast and includes a number of smaller ethnic groups. Many men have been recruited from those groups for the war in Ukraine, but so many have died that certain ethnic communities are facing possible extinction.

Luath nó mall tiocfaidh deireadh leis an gcogadh san Úcráin, cogadh a d'fhág na sluaite marbh nó gortaithe ar an dá thaobh. Ní dócha go bhfaighidh an Úcráin ar ais na críocha go léir a chaill sí; tá an-dochar déanta do gheilleagar na Rúise agus d'fhág drochcheannasaíocht agus caimiléireacht a rian ar na fórsaí armtha. Agus leanann na coirp ag carnadh, cuma cén tír a raibh siad dílis di.

Tá an dá thaobh ar a ndícheall ag earcú fear. Níl an Rúis ullamh chun slógadh iomlán a chur ar siúl, agus tá conarthaí cogaidh á dtairiscint d'fhir as an limistéir bhochta iargúlta agus súil le cúiteamh mór ag na fir chéanna. Ach tá an oiread sin acu á marú ag an bhfronta gur beag duine acu a fhilleann abhaile, agus is baolach go ndíothófar roinnt mionphobal eitheach dá bharr. Is fada gníomhaithe dúchasacha ag tarraingt aird ar an líon neamhchothrom as na mionphobail a earcaítear agus a mharaítear.

Eolaí ar an scéal seo is ea Maria Vyushkova. Duine de na Buiriatigh, dream as oirdheisceart na Sibéire, is ea í.⁴ Tá a bpoblacht bheag féin ag na Buiriatigh i gCónaidhm na Rúise agus a lán fós ina dtréadaithe fánaíochta. Teanga lár-Mhongólach an Bhuiriatais, cé go bhfuil sí i mbaol de thoradh bhrú na Rúisise.

Tháinig droch-chlú ar shaighdiúirí Buiriatacha agus scéal gangaideach amuigh gurbh iad a bhí ciontach sa sléacht a rinne fórsaí Rúiseacha in Bucha san Úcráin. Nuair a rinne Vyushkova taighde ar an scéal fuair sí amach gur pharatrúipéirí ó Pskov (in iarthuaisceart na Rúise) ba mhó a bhí freagrach as. Deir sí, i dtaca le coireanna cogaidh, go ndírítear an iomarca airde ar ghrúpaí ó na réigiúin ‘Áiseacha’ den Rúis, agus go bhfuil fianaise ann go gcaitear níos measa le príosúnaigh Bhuiriatacha san Úcráin féin.

Ach tá réigiúin eile ann atá i bhfad níos measa as ná na Buiriatigh i dtaca leis an líon a maraíodh nó a gortaíodh sa chogadh - Baiscíría agus an Tatarstáin, mar shampla.



Dúiche Buiriatach.
Wikimedia Commons

Pobal Tuirciceach⁵ is na Baiscírigh agus a bhformhór ina gcónaí sa Bhaiscír i gCónaidhm na Rúise, áit a dtagann Oirthear Eorpa agus tuaisceart na hÁise le chéile. Cuid acu le fáil i réigiúin eile sa Rúis, cuid eile ina gcónaí san Úisbéiceastáin agus sa Chasacstáin. Dream Tuirciceach eile na Tatarigh agus an chuid is mó acu le fáil i réigiún na Volga agus na hÚraile sa Rúis Eorpach.


Is iomaí fear óg (gan trácht ar fhir nach bhfuil chomh hóg sin) sna pobail sin atá sásta brabach a dhéanamh as dul san arm, brabach nach bhfuil a leithéid le fáil ina ndúiche féin. Ach is furasta pobal beag a ídiú. Téann na sluaite i gcré tar éis dóibh ionsaí mór a dhéanamh; déanann na gunnaí móra agus na dróin go háirithe sléacht; agus mura dtagann na fir abhaile, is deacair do na mná pósadh. Is mór an fhadhb é laghdú an daonra ar fud Chónaidhm na Rúise, ach is iad na mionphobail is mó atá i mbaol.

⁴ <https://www.themoscowtimes.com/2025/02/25/extermination-of-entire-nations-scientist-maria-vyushkova-counts-russias-indigenous-war-dead-a88090>

⁵ Tá na ciníochá Tuirciceacha le fáil ar fud na hEoráise. Labhraíonn siad breis is cúig theanga is tríocha, teangacha a bhfuil gaol gairid acu le chéile agus a dtugtar ‘Tuircic’ orthu mar fhine. Is iad comharthaí sóirt na dteangacha sin an comhréiteach gutaí, an táthú, an t-ord suibíocht-oibiacht-briathar agus gan inscní gramadúla a bheith acu.



Shihan Toratau, cnoc in mBaiscíría
Wikimedia Commons



Mosc i mBolgar sa Tatarstáin
Wikimedia Commons



Saighdiúirí marbha na hÚcráine

Féach an físeán thíos agus an ceamara ag gluaiseacht trí reilig chogaidh.

<https://www.youtube.com/watch?v=iWpEOvOmCMI>



Eolaíocht

An teas agus na néaraghalracha

Recent research has thrown light on the alarming neurological consequences of excessive heat.

I mí na Bealtaine 2024 d'áitigh ceithre néareolaí is fiche, Briotanaigh den chuid is mó, go ndéanann an téamh domhanda dochar don néarachóras. Rinneadh an taighde faoi cheannas Sanjay Sisodiya, Ollamh le Néareolaíocht in University College, Londain. Ba cheart go gcuirfeadh an t-eolas seo ar ár n-airdeall sinn.

Tá dlúthbhaint ag an iomarca teasa le mígréin, stróc, taomanna, agus an ilscléaróis. Téann sé i bhfeidhm ar an bhforéigean agus ar an meabhairshláinte, mar fágann sé a rian ar an gcoirtéis réamhthosaigh dhroimchliathánach: dá mhéad an teas is amhlaidh is measa an réasúnaíocht.

Éireoidh an galar Parkinson níos measa, agus má fhulaingíonn máithreacha dianteas i dtús an toirchis is mór an chontúirt go dtiocfaidh scitsifréine, anoireisce agus galracha néaraishiciatracha eile ar a gclann.

Tá forleathnú ag teacht ar réimse na veicteoirí galair, amhail sceartáin, muiscítí agus ialtóga. Borrafaidh blás baictéarach agus fíoruisce ag éirí níos teo, agus dá bhrí sin scaoilfear néarathocsainí a leanann galracha néaramheathlúcháin iad.

Glactar leis go forleathan anois nach gcuirfear srian leis an téamh domhanda. Fágann sé sin go gcaithfear na drochiarsmaí sláinte a mhaolú, rud is fusa a dhéanamh i dtíortha saibhre ná i dtíortha atá ar bheagán acmhainní. Inslíú níos fearr, spásanna poiblí mar dhídean, vaicsíní, beartas cuimsitheach sláinte – seo cuid de na rudaí a bheidh ag teastáil chun teacht slán sa saol nua.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó rianach965@gmail.com.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or rianach965@gmail.com.

Dánta le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022); dánta eile leis sa chnuasach dátheangach *Ó Chréanna Eile/From Other Earths* (Bobtail Books 2024), in éineacht le Julie Breathnach-Banwait.

Ní hise

Ní hise a bhí i measc an tslua
ar an ardán úd cé gur léir duit í
is a fhios agat nárbh í a bhí ann
ach cuimhne uirthi féin nó ar bhean
a samhlaíodh tráth ach b'eo agat í
is í beo go fóill más beo a bhí
is gan inti i ndeireadh na dála ach scáil
i measc na mbeo is ag téaltú uait
i ndorchú fada an tsaoil

Iascaireacht

Chonaic tú trí do chodladh
an bhean ag tabhairt i dtír
bric ghlasa is iad ag canadh
le guthanna leanaí
is fear na heangaí ag breith
ar chloigne báite na sean
is an t-uisce ina leac lonrach
trí ghruaim na luachra
is éan an mhífhortúin
ag caint leis féin ar foscadh

Dealbha

sa tír úd thógaimis
dealbha dinn féin
ag fágáil bláthanna
faoina mbun :
chuirte sinn thíos
faoi na pliontaí
i gcré na díchuimhne
is na dealbha ag fulaingt
chríonadh na síne
ag machnamh ar bhearta
nár caitheadh

Balún

Féachaigí ar sise
féachaigí in airde
is chonaiceamar
ar an aer oighreata
an balún ag imeacht i bhfeacht
é dearg is buí
ar éadan na néalta
is dream ar bord
ar thóir a n-anama